



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

CUMASÚ

Cumasú trí fhoghlaim

Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2019

Tuarascáil Dul Chun Cinn Ráithe 1

Ullmhaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna
www.education.ie

Réamhrá

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas, 2019 na tosaíochtaí don Roinn Oideachais agus Scileanna agus dá gníomhaireachtaí agus dá comhlachtaí coimirce don bhliain. Suíonn an plean bliantúil seo leis an gcreatphlean gníomhaíochta níos leithne, tá sé bunaithe ar na spriocanna agus ar na huailmhianta atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2019-2021.

I mí an Mhárta na bliana seo d'fhoilsíomar ár bPlean Gníomhaíochta do 2019. Sa phlean gníomhaíochta bliantúil leagtar amach níos mó ná 200 gníomh atá dírithe go sonrach ar ár spriocanna a bhaint amach:

1. Córas oideachais agus oiliúna sofhreagrach a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais agus a ardaíonn mianta gach foghlaimeora.
2. Dul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur chun cinn d'fhonn tacú leo barr a gcumais a bhaint amach.
3. Na scileanna agus an tacaíocht a sholáthar do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun eispéireas foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar.
4. An caidreamh idir an t-oideachas agus an pobal i gcoitinne, an tsochaí agus an geilleagar a threisiú.
5. Ceannaireacht a thabhairt maidir le treoir straitéiseach agus córais thacúla a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara san oideachas agus san oiliúint.

Sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2019 leagtar béim ar an gclár suntasach um athchóiriú straitéiseach atá ar siúl san oideachas agus san oiliúint. Aithnítear ann an tábhacht a bhaineann le feidhmeanna gnó criticiúla chun leanúnachas gnó agus cáilíocht seirbhíse a chinntiú. Le foilsiú plean bliantúil laistigh de chreat straitéiseach níos leithne cuirtear ar ár gcumas freagairt ar bhealach solúbtha d'éilimh na timpeallachta dúshlánaí agus casta ina bhfeidhmímid agus fócas straitéiseach a choinneáil ar athchóiriú inbhuanaithe.

D'fhonn próiseas faisnéiseach agus trédhearcach a chinntiú, déanfar faireachán ar ár ndul chun cinn i rith na bliana trí thuarascálacha ráithiúla a fhoilsiú. Is í seo an chéad tuarascáil dá leithéid do 2019. Tugtar breac-chuntas inti ar an dul chun cinn a rinneadh ar ghníomhaíochtaí agus ar fho-ghníomhaíochtaí atá le seachadadh i ráithe 1 de 2019. Soláthraítear sa tuarascáil mionsonraí ar na héachtaí a rinneadh le linn na tréimhse seo, chomh maith le nuashonrú freisin ar ghníomhaíochtaí ina ndearnadh dul chun cinn suntasach, ach ar chásanna ina raibh sé riachtanach an spriocdháta a choigeartú.

Forléargas

Gníomhaíochtaí atá le seachadadh faoi dheireadh ráithe 1, 2019

Sa Phlean Gníomhaíochta do 2019 bhí 28 ngníomhaíocht agus foghníomhaíochtaí le seachadadh faoi dheireadh ráithe 1, 2019. Astu sin, tá **24** acu bainte amach, sin ráta **86%** maidir le cur i gcrích.

I measc na ngníomhaíochtaí a baineadh amach sa chéad ráithe den Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2019 tá:

Sprioc 1: Córas oideachais agus oiliúna sofhreagrach a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais agus a ardaíonn mianta gach foghlaimeora

- Seoladh creat toilithe lena úsáid ag na hinstiúidí ardoideachais
- Tús a chur le staidéar fadaimseartha ar an gCreat Foghlama Digití agus á chur chun feidhme sna Scoileanna

- Spríoc 2: Dul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur chun cinn d'fhonn tacú leo barr a gcumais a bhaint amach**
- Tús a chur le forbairt creata meastóireachta trína ndéanfar torthaí na scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a thomhas
 - Athruithe a bhaineann le Brexit a chur i bhfeidhm ar an struchtúr tacaíochta do scoláirí
- Spríoc 3: Na scileanna agus an tacaíocht a sholáthar do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun eispéreas foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar**
- Tús a chur le cur chun feidhme na samhla nua de Chigireachtaí ar Riachtanais Speisialta Oideachais in iar-bhunscoileanna
 - Tús a chur leis an gclár braisle 18 mí "Scothsheirbhís trí Scéim Ceannaireachta agus Bainistíochta Comhoibríche"
- Spríoc 4: An caidreamh idir an t-oideachas agus an pobal i gcoitinne, an tsochaí agus an geilleagar a threisiú**
- "Plean Gníomhaíochta Scileanna TFC 2019-2022" a fhoilsiú
 - Tús a chur le bunú Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil nua mar chuid den leathnú náisiúnta ar Ghlúin Ceoil
- Spríoc 5: Ceannaireacht a thabhairt maidir le treoir straitéiseach agus córais thacúla a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara san oideachas agus san oiliúint**
- An tionscnamh "Nuálaíocht sa Roinn Oideachais agus Scileanna" (IDEAS) laistigh den Roinn le dhá shruth ar leith: Dúshlán an Ard-Rúnaí agus Banc IDEAS a sheoladh
 - Samhail éilimh a fhorbairt d'iar-bhunscoileanna trí anailís a dhéanamh ar phatrúin aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil

I measc phríomhfhorbairtí eile i rith ráithe 1 tá:

- Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath go foirmiúil, le béim ar chláir ag Leibhéal 6 (ardteastais agus sainteastais) suas go Leibhéal 8 (céim onóracha bhaitisiléara) ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, agus ar thaighde tionscail-dírith. Cuirfidh a mhisean forbartha réigiúnach agus a fhócas ar thaighde, ar nuálaíocht agus ar aistriú eolais ar a chumas dlúthnaisc a chruthú le gnó, le fiontair agus le pobail áitiúla agus réigiúnacha.
- Méadaíodh an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn faoi €1m do mhic léinn ar an Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas.
- Seoladh clár nua fochéime in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a chuireann ar chumas daoine bodhra agus lagéisteachta a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) dul isteach i dteagasc bunscoile.
- Fógraíodh go mbeidh níos mó ná 330 áit fochéime agus iarchéime ar fáil do mhúinteoirí do chláir forbartha gairmiúla in Oideachas Speisialta do 2019/2020.
- Leithdháileadh €23 mhilliún i maoiniú faoin gCiste Nuálaíochta agus Claochaithe Ardoideachais nua. Seoladh an ciste in 2018 mar chuid den nuachóiriú agus den athchóiriú ar an tsamhail mhaoinithe don ardoideachas.
- Eisíodh glao iomaíoch ar gach soláthraí ardoideachais le haghaidh tograí cúrsa Springboard+ 2019; Leithdháileadh €34.4m ar Springboard+ 2019, a sholáthróidh suas le 9,000 áit ar réimse leathan cúrsaí.
- Mar chuid den Plean Gníomhaíochta do Sholáthar Múinteoirí, fógraíodh scéim nua comhroinnte múinteoirí do na hiar-bhunscoileanna. Cuirfear tús leis i mí Mheán Fómhair 2019, agus ceadóidh sé do scoileanna múinteoirí a roinnt in ábhair thosaíochta.
- Tá méadú tagtha ar líon na scoláirí atá ag tabhairt faoi ábhair ardleibhéil sa tSraith Shinsearach, go háirithe sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic, mar thoradh ar an gcóras grádaithe nua.

- Tá méadú 25% tagtha ar an úsáid a bhaineann múinteoirí agus daoine óga as acmhainní agus tacaíochtaí atá ar fáil trí Webwise, cuid de sheirbhísí tacaíochta na Roinne, chun cabhrú le húsáid shábháilte agus fhreagrach a bhaint as an idirlíon.
- Fógraíodh maoiniú €6m don Óige Ildánach, tionscnamh Chlár uile-Rialtais na hÉireann Ildánaí, a bhfuil sé mar aidhm aige ildánacht leanaí agus daoine óga a chumasú.
- Fógraíodh dáta níos luaithe do thairiscintí Bhabhta a hAon na Lár-Oifige Iontrála tar éis athruithe ar an gcóras d'achomhairc ar scrúduithe na hArdteistiméireachta.
- Fógraíodh Clár Píolótach ar Uasghrádú Éifeachtúlachta Fuinnimh do Scoileanna, agus roghnaíodh 17 scoil ar fud na tíre le haghaidh oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh faoi scéim iarfheistithe arna maoiniú ag an rialtas.
- Cuireadh tús le Samhail Cuimsithe Scoile nua a thriail, chun na tacaíochtaí cearta a sholáthar ag an am ceart do dhaltáí a bhfuil riachtanais bhreise acu.
- Osclaíodh an próiseas iarratais do Scéim Oibreacha Samhraidh nua. Cuirfidh sé seo ar chumas údarás scoile oibreacha ar scála beag agus meánmhéide a dhéanamh chun foirgnimh agus áiseanna atá ann cheana a fheabhsú agus a uasghrádú.

Sprioc 1: Córas oideachais agus oiliúna sofhreagrach a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais agus a ardaíonn mianta gach foghlaimeora

Gníomhaíocht/Foghníomhaíocht		Gníomhaíochtaí/fo-ghníomhaíochtaí do Ráithe 1	Bainte amach/Gan a bheith bainte amach	Tuairisc
3		Tacú le leas agus le folláine na mac léinn ardoideachais		
	3.1	Dréachtú ar chreat toilithe lena úsáid ag na hinstiúidí ardoideachais a chur i gcrích	Bainte amach	
10		An "Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015 -2020" a chur chun feidhme chun teagasc, foghlaim agus measúnú a fheabhsú		
	10.1	Tús a chur le staidéar fadaimseartha ar an gCreat Foghlama Digití agus á chur chun feidhme i Scoileanna	Bainte amach	

Sprioc 2: Dul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur chun cinn d'fhonn tacú leo barr a gcumais a bhaint amach

Gníomhaíocht/Foghníomhaíocht		Gníomhaíochtaí/fo-ghníomhaíochtaí do Ráithe 1	Bainte amach/Gan a bheith bainte amach	Tuairisc
16		Plean DEIS a chur chun feidhme chun an bhearna feidhmíochta idir scoileanna DEIS agus scoileanna nach scoileanna DEIS iad a laghdú, agus rátaí dul chun cinn scoláirí DEIS chuig an Ardoideachas agus chuig an		

		mBreisoideachas agus Oiliúint a mhéadú		
	16.1	Anailís bhreise a dhéanamh chun scrúdú a dhéanamh ar athróga eile is eol a bheith ina réamhtháscairí láidre ar mhíbhuntáiste oideachais i gcomhthéacs leithdháileadh acmhainní faoi Phlean DEIS	Gan a bheith bainte amach	Anailís bhreise ar siúl leis an nGrúpa Teicniúil chun teacht le chéile i R2
23		Tús a chur le forbairt creata meastóireachta trína ndéanfar torthaí na scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a thomhas	Bainte amach	
24		Athruithe a bhaineann leis an mBreatimeacht a chur chun feidhme ar an struchtúr tacaíochta do scoláirí	Bainte amach	
25		Snáitheanna den “Phlean Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas 2015-2021” a chur chun feidhme, agus seachadadh na spriocanna maidir le hInstitiúidí Ardoideachais a mhaoirsiú ionas go mbeidh an tArdoideachas níos ionadaí don daonra i gcoitinne		
	25.1	Tús a chur le plean gníomhaíochta a fhorbairt chun rannpháirtíocht Taistealaithe san Ardoideachas a mhéadú	Bainte amach	

Sprioc 3: Na scileanna agus an tacaíocht a sholáthar do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun eispéireas foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar

Gníomhaíocht/Fo-ghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí/fo-ghníomhaíochtaí do Ráithe 1	Bainte amach/Gan a bheith bainte amach	Tuairisc
28	Tacú le cur chun feidhme Síolta (an creat náisiúnta cáilíochta) agus Aistear (an creat curaclaim luath-óige) trí Thionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Tús Níos Fearr agus an CNCM		
	28.1	Samhail nua a thabhairt isteach chun tacaíochtaí meantóireachta agus oiliúna a sheachadadh faoin Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear trí Oifig Feidhmithe Náisiúnta Síolta Aistear nua Tús Níos Fearr a chur ar bun	Bainte amach
32	Tabhairt faoi chlár pleanáilte de chuartheanna cigireachta agus comhairleacha i scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile		
	32.1	Tús a chur le clár Iniúchtaí um Chosaint agus um Chumhdach Leanaí i	Bainte amach

		mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna		
	32.2	Tús a chur le cur chun feidhme na samhla nua de Chigireachtaí ar Riachtanais Speisialta Oideachais in iar-bhunscoileanna	Bainte amach	
37		Tacú le feabhsú breise ar cháilíochtaí agus caighdeáin ghairmiúla laistigh den earnáil Luathfhoghlama agus Cúraim		
	37.1	Critéir dámhachtana agus Treoirlínte maidir le hOideachas Gairmiúil Tosaigh i gclár fhochéime do Chleachtóirí Luathbhlianta a fhoilsiú	Bainte amach	
42		Obair an Ionaid Ceannaireachta Scoile (ICS) a fhorbairt i gcomhréir le spriocanna comhaontaithe		
	42.1	Tús a chur leis an gclár braisle 18 mí "Scothsheirbhís trí Scéim Ceannaireachta agus Bainistíochta Comhoibríche"	Bainte amach	
	42.2	Oiliúint foirne a thabhairt isteach d'fhoirne ceannaireachta scoile ag tógáil ar thabhairt isteach traenála duine le duine do cheannairí scoile i mí Feabhra 2017	Bainte amach	
49		Feabhas a chur ar thionchar na gclár agus na scéimeanna Breisoideachais agus Oiliúna		
	49.1	An tAthbhreithniú ar an gclár Ógtheagmhála a fhoilsiú	Gan a bheith bainte amach	Tá an tAthbhreithniú Ógtheagmhála tugtha chun críche agus tá freagra SOLAS á thabhairt chun críche faoi láthair, chun comhfhoilseachán a chumasú i R2

Spríoc 4: An caidreamh idir an t-oideachas agus an pobal i gcoitinne, an tsochaí agus an geilleagar a threisiú

Gníomhaíocht/Fo-ghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí/fo-ghníomhaíochtaí do Ráithe 1	Bainte amach/Gan a bheith bainte amach	Tuairisc
55	Tascfhórsa forfheidhmithe a chur ar bun laistigh den Roinn chun na hathchóirithe atá beartaithe ag eascairt as an athbhreithniú ar ghairmthreoir a chur chun cinn		
	55.1	Tuarascáil Indecon a fhoilsiú ar an athbhreithniú ar ghairmthreoir	Bainte amach
58	A chinntiú go gcomhlíonann na córais Ardoideachais agus Breisoideachais riachtanais scileanna na scoláirí, an gheilleagair agus na sochaí		

	58.1	Plean Gníomhaíochta Scileanna TFC 2019-2022 a fhoilsiú	Bainte amach	
62		Ildánacht a chur chun cinn inár bhfoghlaimoirí trí chur i bhfeidhm an Phlean don Óige Chruthaitheach		
	62.1	Tús a chur le cur i bhfeidhm Comhpháirtíochtaí píolótacha don Óige Chruthaitheach Áitiúil ar bhonn céimneach	Bainte amach	
	62.2	Tús a chur le bunú Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil nua mar chuid den leathnú náisiúnta ar Ghlúin Ceoil	Bainte amach	

Sprioc 5: Ceannaireacht a thabhairt maidir le treoir straitéiseach agus córais thacúla a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara san oideachas agus san oiliúint

Gníomhaíocht/Fo-ghníomhaíocht		Gníomhaíochtaí/fo-ghníomhaíochtaí do Ráithe 1	Bainte amach/Gan a bheith bainte amach	Tuairisc
66		Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme “Ráiteas Straitéise Oideachais 2019-2021” na Roinne agus “Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2019” na Roinne		
	66.1	Úsáid táscairí earnálacha a chur chun cinn chun éifeachtúlacht mórghníomhaíochtaí a léiriú faoi gach ceann de spriocanna ardleibhéil an “Ráiteas Straitéise”	Bainte amach	
67		Gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach mar fhreagra ar “Shuirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse 2017”		
	67.1	Fócasghrúpaí iompraíochta bainisteoirí a eagrú sa Roinn agus tuairisc achomair ar thorthaí a thiomsú le cur faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	Bainte amach	
	67.2	Clár meantóireachta píolótach a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach do Phríomhoifigigh Chúnta agus “Córas Cairdiúil” píolótach d'earcaigh nua	Bainte amach	
77		Leanúint ar aghaidh leis an athchóiriú ar an tSamhail Mhaoinithe Ardoideachais		
	77.1	Ciste Feidhmíochta Ardoideachais a fhorbairt	Bainte amach	

	77.2	Cur i bhfeidhm an chiste le haghaidh Ceannaireachta agus Tógáil Acmhainní in Institiúidí Ardoideachais	Gan a bheith bainte amach	Tá an ciste do cheannaireacht agus tógáil acmhainní i bhfeidhm do na hInstitiúidí Teicneolaíochta. Tá obair fós á cur i bhfeidhm in earnáil na hOllscoile. Ceadaíodh clár, le tús a chur le maoiniú i R2
80		An clár oibre um nuachóiriú rialachais a chur chun cinn do na hIonaid Oideachais		
	80.1	Teimpléad ráitis airgeadais chaighdeánaithe a thabhairt isteach do na hIonaid Oideachais atá de réir na gcaighdeán tuairiscithe airgeadais	Bainte amach	
90		Cultúr nuálaíochta a chothú sa Roinn		
	90.1	An Tionscnamh “Nuálaíocht sa Roinn Oideachais agus Scileanna” (IDEAS) laistigh den Roinn le 2 shruth ar leith: Dúshlán an Ard-Rúnaí agus Banc IDEAS a sheoladh	Bainte amach	
91		Treo straitéiseach níos fearr a sholáthar i rialachas, bainistiú agus úsáid sonraí na Roinne		
	91.1	Creatlacha Rialachais Sonraí Corparáideacha agus Bainistiú Sonraí a tháirgeadh ina leagtar amach ról agus freagrachtaí soiléire maidir le sonraí a úsáid	Gan a bheith bainte amach	Forbraíodh Creatlacha um Rialachas Sonraí Corparáideacha agus Bainistiú Sonraí, agus beartaítear é a fhoilsiú i R2
92		Feabhas a chur ar léirmhíniú agus anailís ar choinneáil sonraí na roinne agus ar an mbonn fianaise chun críocha pleanála		
	92.1	Réamhrolluithe contae-bhunaithe a fhoilsiú mar aon le preaseisiúintí contae-bhunaithe	Bainte amach	
	92.2	Samhail éilimh a fhorbairt d'iar-bhunscoileanna trí anailís a dhéanamh ar phatrúin aistrithe ón mBunscoil go dtí an Iar-Bhunscoil	Bainte amach	
93		Faoi réir fhaomhadh an Rialtais, foilseoidh sé an Bille Coinneála Taifead 2019 agus cuirfidh sé faoi bhráid an Oireachtais é lena bhreithniú	Bainte amach	